Ollscoil na hÉireann, Gaillimh GX 1115

Scrúduithe Sheimeastar II, 2004/2005

Cód(anna) Scrúdaithe	1BA121
Scrúdú	An Chéad Bhliain i nDána
Cód(anna) modúil	NG 102
Modúl	Gaeilge
Uimhir an Pháipéir	2
Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a)	Ruairí Ó hUiginn Damien McManus
Scrúdaitheoirí Inmheánacha	Gearóid Denvir Mícheál Mac Craith Máirín Ní Dhonnchadha Pádraig Ó Héalaí Petra Hellmuth
Treoracha	Trí huaire an chloig a cheadófar. **Ceist amháin** as gach roinn le freagairt. Úsáid **freagarleabhar** ar leith do gach roinn. 100 marc do gach ceist.
Am ceadaithe	NG 102: Trí huaire
Líon freagarleabhar	4

Roinn A An Ghaeilge in Éirinn (NG 102)

1. Céard iad, dar leat, na cúiseanna is mó le hathrú teanga ó Ghaeilge go Béarla sa Ghaeltacht inniu?

2. Déan cur síos ar staid na Gaeilge in Albain inniu.

3. Céard iad na cosúlachtaí, dar leat, idir staid agus stádas na Gaeilge in Éirinn agus in Albain?

Roinn B Oidhreacht Liteartha agus Chultúrtha na Gaeilge (NG 102)

4. Scríobh aiste ar na cineálacha éagsúla ainmneacha Gaeilge *ar dhaoine* (m.sh. sloinnte, ainmneacha pearsanta, ainmneacha treabhchais, agus araile) atá againn in Éirinn.

5. Scríobh aiste ar *logainmneacha* na Gaeilge agus a gcineáil, agus tagairt á déanamh agat, de réir mar is cuí leat, do thábhacht an dinnseanchais.

6. Tabhair cuntas ar a bhfuil ar eolas agat faoi na laochscéalta Ultacha agus faoin tionchar a bhí acu ar an náisiúnachas Éireannach.

7. Tabhair cuntas ar a bhfuil ar eolas agat faoi thraidisiún na Fiannaíochta.

Roinn C An Nuafhilíocht (NG 102)

8. 'Scéal an duine ag tabhairt a aghaidh go misniúil ar an saol ina thimpeall atá i gcuid mhaith de na dánta a pléadh ar an gcúrsa seo.' An fíor an ráiteas sin, dar leat? Luaigh dánta le triúr filí ar a laghad, i do fhreagra.

9. 'Cuntas ar aistear saoil atá i bhfilíocht Michael Davitt.' Pléigh an tuairim sin maidir leis na dánta in *Freacnairc Mhearcair*.

Roinn D Béaloideas (NG 102)

10. Is é atá i gceist le béaloideas ná freagairt thraidisiúnta do mhianta, do chlaonta agus d'fhadhbanna an duine. Pléigh.

11. Pléigh do thuiscint ar dheasghnátha aistrithe agus tagair go háirithe do nósanna bainteach leis an mbás.

12. Teagasc seanfhaiseanta i bhfriotal dea-chumtha atá i seanfhocail na Gaeilge. Pléigh.